**Bloc K3**
**Campas Gnó Mhaigh Nuad**
**Maigh Nuad**
**Co. Chill Dara**
**Fón: (01) 6294 110**
**Ephost: eolas@foras.ie**
**www.foras.ie**

23/12/20

# Dréacht Phlean Forbartha Chontae Lú - 2021 - 2027

**Spriocdháta: 23 Nollaig 2020, 12.00i.n**.

Maidir le: Próiséas comhairliúcháin poiblí i dtaca le dearadh agus forbairt phlean forbartha do Chontae Lú 2020 -2027

Fáiltíonn An Foras Pátrúnachta (AFP) roimh an deis chun páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin poiblí atá ar siúl faoi láthair. Tá deis ar leith an Ghaeilge a chur chun cinn sa phlean seo, tacú leis an bpolasaí náisiúnta atá leagtha amach i Straitéis na Gaeilge 2010-2030 agus níos tábhachtaí fós freastal ar an éilimh atá léirithe ag pobal an chontae. Tá spéis ar leith againn sa cheist sin toisc go bhfuil an eagraíocht, An Foras Pátrúnachta, ag freastal agus ag tacú le daltaí agus le tuismitheoirí as Contae Lú atá ag iarraidh freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge agus atá faoi láthair ag iarraidh Gaelcholáiste a bhunú i nDún Dealgan.

Tá an céatadán is lú Gaelscolaíochts sa tír i gContae Lú agus is léir ón éilimh go bhfuil gá le níos mó scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus an dara leibhéal. I dtaighde náisiúnta a d’eisigh Conradh na Gaeilge le gairid (Kantar, Millward Browne, Nollaig 2020) chuir 49% de dhaoine in iúl go seolfadh siad a bpáistí chuig Gaelscoil dá mbeadh ceann i ngar dóibh. Níl

**Bloc K3**
**Campas Gnó Mhaigh Nuad**
**Maigh Nuad**
**Co. Chill Dara**
**Fón: (01) 6294 110**
**Ephost: eolas@foras.ie**
**www.foras.ie**

cothrom na féinne á thabhairt do pháistí agus do theaghlaigh má tá orthu taisteal as a gceantar féin chun oideachas tré mheán na Gaeilge a fháil. Faoi láthair tá daltaí as Dún Dealgan ag taisteal chuig Baile Brigín i gContae Átha Cliath chun oideachas lán-Ghaeilge a fháil ag an dara leibhéal. Níl aon Ghaelcholáiste neamhspleách i gcontae Lú. Leis an bhfás sa daonra atá measta don chontae sna blianta beaga amach romhainn tá An Foras Pátrúnachta den tuairim go mbeidh breis bunscoileanna lán-Ghaeilge agus dhá Ghaelcholáiste de dhíth sa chontae. Ónár dtaithí is tumoideachas iomlán sa Ghaeilge atá á lorg ag tuismitheoirí agus daltaí. Córas é seo atá cruthaithe go hidirnáisiúnta mar an mhodh is éifeachtaí chun teanga a shealbhú.

Tacaímid le haighneacht 'Gaelcholáiste do Chontae Lú' atá ceangailte agus maidir lena moltaí sa cháipéis sin. Tá sé riachtanach go mbeadh dearadh ionchuimsitheach sa phlean don chontae agus go bhfreastalódh sí ar na déimeagrafaigh uile chomh maith le gach grúpa sainspéise. Tá an plean seo go lárnach chun freastal ar phobal na Gaeilge i gContae Lú.

**Moltaí maidir le hOideachas Lán-Ghaeilge**

De bharr na pleananna forbartha agus na meastacháin ar fhás sa daonra táimid den tuairim go mbeidh breis bunscoileanna de dhíth i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha chun freastal ar an bhfás seo. Ina theannta seo bunaithe ar eolas ón Roinn Oideachais agus Scileanna tá an daonra sa

**Bloc K3**
**Campas Gnó Mhaigh Nuad**
**Maigh Nuad**
**Co. Chill Dara**
**Fón: (01) 6294 110**
**Ephost: eolas@foras.ie**
**www.foras.ie**

bhunleibhéal thart ar 35% níos airde ná an daonra sa mheán leibhéal, (17,281 v 12, 836) dá bhrí sin táimid den tuairim go mbeidh bunscoileanna agus meánscoileanna breise de dhíth do Dún Dealgan agus Droichead Átha freisin. Is léir go mbeidh an téilimh seo i ndeiscirt Dhún Dealgan agus i dtuaisceart Dhrochead Átha mar gur anseo atá an fhorbairt tithíochta beartaithe.

Faoi láthair táimid páirteach le tuismitheoirí áitiúil chun saitilít de Choláiste Ghlór an Mara i mBaile Brigín a bhunú i nDún Dealgan. Tá sé i gceist é seo a oscailt i Meán Fómhair 2021 agus go bhfásfaidh sé ina Ghaelcholáiste neamhspleách a bheidh lonnaithe i nDún Dealgan. Beidh an Ghaelcholáiste ag freastal ar Dhún Dealgan, tuaisceart chontae Lú agus ó dheas chomh fada le Tearmann Feichín.

Leiríonn staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna go bhfuil contae Lú ar cheann de na contaetha is ísle ag soláthar áiteanna i scoileanna lán-Ghaeilge. Mar phátrún náisiúnta ar scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus an dara leibhéal atá tiománta do chur chun cinn na Gaeilge agus freastal ar éilimh tuismitheoirí iarraimis go ndéanfadh Plean Forbartha Chontae Lú freastal ar fhorbairt an Ghaeloideachais sa chontae.

Tá cur chuige in úsáid ag an Roinn Oideachais agus Scileanna má tá scoil nua le bunú ag an mbun leibhéal gur féidir é a roinnt ina dhá chuid, Gaeilge agus Béarla. Mar shampla in ionad bunscoil amháin 24 rang a bhunú is féidir

Bloc K3
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: (01) 6294 110
Ephost: eolas@foras.ie
www.foras.ie

dhá scoil a bhunú 16 rang agus 8 rang ar an gcampas céanna. Is féidir ar an gcaoi seo freastal ar theaghlaigh atá ag iarraidh oideachas lán-Ghaeilge agus oideachas tré Bhéarla. Ar an gcaoi chéanna is féidir an cur chuige seo a úsáid ag an dara leibhéal má meastar go dteastaíonn 1000 spás breise i nDún Dealgan agus 1000 spás breise i nDroichead Átha iarraimis freastal a dhéanamh sa chaoi go bhféadfaí scoil 600 Béarla agus scoil 400 lán-Ghaeilge a lonnú ar champas in ionad scoil amháin 1000 dalta. Ar an gcaoi seo is féidir cinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar pháistí agus ar thuismitheoirí atá ag lorg oideachas trí mheán an Bhéarla agus trí Ghaeilge.

Mar chríoch, Guímid gach rath ar Chomhairle Contae Lú agus iad i mbun an tionscadail rí-thábhachtaigh seo.

Le meas,

Caoimhín Ó hEaghra ,
Ard-Rúnaí,
An Foras Pátrúnachta

**Bloc K3**
**Campas Gnó Mhaigh Nuad**
**Maigh Nuad**
**Co. Chill Dara**
**Fón: (01) 6294 110**
**Ephost: eolas@foras.ie**
**www.foras.ie**

## Osamharc ar An Foras Pátrúnachta

Cuideachta neamhbhrabúis é An Foras Pátrúnachta a bhfuil uimhir Charthanachta aici (12240) atá lonnaithe i gCo. Chill Dara agus a bhfuil sé mar aidhm aige " ...líon na scoileanna lán-Ghaeilge a fhás ionas go mbeidh gach tuismitheoir in ann teacht ar ghaelscolaíocht dá bpáistí." Bunaíodh An Foras Pátrúnachta i 1993 agus tá sé lonnaithe i Maigh Nuad. Tá tuilleadh eolais ar www.foras.ie / www.gaelscoil4all.ie

## Aguisíní

An Straitéis Náisiúnta don Ghaeilge
https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/an-straiteis-20-bliain-don-ghaeilge-2010-2030/

Plean Gníomhaíochta 2018-2022 don Ghaeilge
https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/plean-gniomhaiochta-2018-go-2022/

Taighde Kantar Millward Browne 2020 do Chonradh na Gaeilge - https://tuairisc.ie/leath-den-phobal-ar-son-a-ngasuir-a-chur-chuig-scoil-lan-ghaeilge-pobalbhreith-naisiunta/

**AN FORAS PÁTRÚNACHTA,** Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Uimhir Chláraithe: 258389 Uimhir CHY: 12240
**Ard Rúnaí:** Caoimhín Ó hEaghra **Stiúrthóirí:** Damhnait Uí Ruairc (Cathaoirleach), Anita Nic Amhlaoidh, Colm Ó Tuathaláin, Julian de Spáinn, Pól Mag Lionáin, Séamas O Ceanainn, Siobhán Ní Dhúill, Tadhg Ó Tuachaigh, Séamus Caomhánach, Seán Ó Láimhín, Fiona Nic Fhionnlaoich, Aisling Uí Dhulaing